RÚN (AE) 2022/1817 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas "Spéir Ghlan 2" (an Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan anois) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Chomhghnóthas "Spéir Ghlan 2" don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0070/2022),

A. de bhrí gur bunaíodh an Comhghnóthas Spéire Glaine i mí na Nollag 2007 le Rialachán (CE) Uimh. 71/2008 ón gComhairle ([1])(a tháinig i bhfeidhm an 7 Feabhra 2008) ar feadh tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2017; de bhrí gur thosaigh an Comhghnóthas ag obair go neamhspleách i mí na Samhna 2009;

B. de bhrí go ndearnadh Comhghnóthas "Spéire Glaine 2" ("an Comhghnóthas") a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 558/2014 ([2]) a ionadú, le héifeacht ón 27 Meitheamh 2014, le Comhghnóthas Spéire Glaine faoin gclár Fís 2020, lena gcuirtear síneadh lena shaolré don tréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2024;

C. de bhrí gurb iad príomhchuspóirí an Chomhghnóthais rannchuidiú go suntasach le tionchar comhshaoil na dteicneolaíochtaí aerloingseoireachta a fheabhsú agus le tionscal agus slabhra soláthair aerloingseoireachta atá láidir agus iomaíoch ar an leibhéal domhanda a fhorbairt san Eoraip;

D. de bhrí gurb iad an tAontas, arna ionadú ag an gCoimisiún, agus na comhaltaí príobháideacha, eadhon na Ceannairí agus na Comhlaigh a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 558/2014 agus na Comhpháirtithe Lárnacha a roghnaítear trí ghlao oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus iomaíocht atá faoi réir meastóireacht neamhspleách, i gcomhréir le hAirteagal 4(2);

E. de bhrí gurb é EUR 1 755 000 000 (lena n-áirítear leithreasuithe CSTE) an ranníocaíocht uasta ón Aontas leis an dara céim de ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais, ar ranníocaíocht í a bheidh le híoc ó bhuiséad an chláir Fís 2020; de bhrí gur EUR 2 193 750 000 ar a laghad a bheidh sa ranníocaíocht iomlán ó chomhaltaí príobháideacha, a bheidh comhdhéanta de ranníocaíochtaí airgid thirim le costais riaracháin agus ranníocaíochtaí comhchineáil le costais oibríochtúla, chomh maith le ranníocaíocht chomhchineáil íosta de EUR 965 250 000 le Gníomhaíochtaí Breise don tréimhse a shainítear sa Rialachán;

Bainistiú buiséadach agus airgeadais

1. ag tabhairt dá haire go bhfuair an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt") ina tuarascáil ("tuarascáil ón gCúirt"), go gcuirtear i láthair go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais a tháinig chun deiridh an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, staid airgeadais an Chomhghnóthais an 31 Nollaig 2020, torthaí a chuid oibríochtaí, a shreafaí airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain a tháinig chun deiridh ansin, i gcomhréir lena Rialachán Airgeadais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire go bhfuil na bun-idirbhearta a ghabhann leis na cuntais dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábharach;

2. ag tabhairt dá haire gur áiríodh sa bhuiséad deiridh a bhí ar fáil don Chomhghnóthas do 2020 (lena n-áirítear leithreasuithe ó bhlianta roimhe sin nár úsáideadh agus ar cuireadh isteach arís iad, ioncam sannta agus athleithdháiltí don chéad bhliain eile) EUR 346 723 559 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 356 604 910 i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí; ag tabhairt dá aire go raibh ráta úsáide 71,66 % do na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 78,41 % do na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí;

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 71/2008 ón gComhairle an 20 Nollaig 2007 lena ndéantar an Comhghnóthas Spéire Glaine a chur ar bun (IO L 30, 4.2.2008, lch. 1).

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 558/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas "Spéir Ghlan 2" (IO L 169, 7.6.2014, lch. 77).

3. ag tabhairt dá haire gur dúnadh go foirmiúil an Seachtú Clár Réime um Thaighde agus um Fhorbairt Teicneolaíochta (FP7) in 2017 agus go ndearna an Comhghnóthas roinnt iniúchtaí *ex-post* a bhí fágtha faoi FP7 a chur chun feidhme in 2020; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár tháinig aon athrú ar ranníocaíochtaí ó na chomhaltaí le clár FP7 in 2020;

4. ag tabhairt dá haire, as méid uasta de EUR 1 755 000 000 de ranníocaíocht an Aontais ón gclár Fís 2020 de réir Rialachán (AE) Uimh. 558/2014, gur ranníoc an tAontas EUR 1 451 082 877 san iomlán le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus costais reatha an chláir Fís 2020 faoi dheireadh 2020; ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2020, gurbh ionann an ranníocaíocht iomlán chomhchineáil ó chomhaltaí príobháideacha le gníomhaíochtaí oibríochtúla agus EUR 581 335 882, agus gurbh ionann EUR 1 144 170 000 agus an ranníocaíocht iomlán chomhchineáil ó chomhaltaí príobháideacha le gníomhaíochtaí breise (lena n-áirítear EUR 838 120 000 lándeimhnithe ag iniúchóirí seachtracha na gcomhaltaí agus bailíochtaithe ag an mBord Rialaithe don tréimhse 2014-2019);

5. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé ráite i dtuarascáil na Cúirte go bhfuil an buiséad íocaíochta don bhliain 2020 ar fáil do thionscadail an chláir Fís 2020; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur tharla moilliú ar na comhaontuithe deontais do chomhpháirtithe mar thoradh ar phaindéim COVID-19, agus ina theannta sin, nach ndearnadh comhaontuithe deontais 2018-2019 a fhorghníomhú go heasnamhach do na comhaltaí; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur gnóthaíodh go suntasach réamh-mhaoiniú ró-íoctha dá bharr sin lenar méadaíodh na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí oibriúcháin (cistí ioncaim sannta inmheánacha) go EUR 22 572 214 in 2020; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go ndearna an staid sin dochar do ráta cur chun feidhme an bhuiséid íocaíochta oibríochtúla, arbh ionann é agus 92,6 % ag deireadh 2020 (i gcomparáid le 2019: 97,2 %); ag tabhairt dá haire, thairis sin, ón tuarascáil ón gCúirt, cé go raibh sé in aghaidh a rialacha airgeadais, nár bhain an Comhghnóthas úsáid iomlán as leithreasú na mblianta roimhe sin, a bhí thart ar EUR 13 300 000, rud ar cuireadh isteach arís é i mbuiséad oibríochtúil 2020, sular úsáideadh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta na bliana sin; ag tabhairt dá haire gur fhreagair an Comhghnóthas nach raibh aige, ag tús na bliana 2020, ach creidmheasanna íocaíochta le foinsí cistí C1 agus, leis an gcéad leasú ar bhuiséad na bliana, go ndearnadh leithreasuithe nár úsáideadh a athghníomhachtú mar chistí C2 i mí na Bealtaine 2020; ag tabhairt dá haire, áfach, an míniú nár thug an uirlis bainistithe deontais ón gCoimisiún tús áite d'úsáid chistí C2 gan idirghabháil láimhe do gach íocaíocht, agus dá bhrí sin gur úsáideadh leithreasuithe C1 ar dtús; ag tabhairt dá haire thairis sin ón bhfreagra ón gComhghnóthas go raibh sé beartaithe aige cistí C2 a úsáid chun réamh-mhaoiniú breise a íoc le Comhaontú Deontais do Chomhaltaí 2020-20201 sna míonna deireanacha in 2020 agus, áfach, nár mhór cuid de na híocaíochtaí sin a chur siar go dtí tús 2021; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go gcuirfidh an Comhghnóthas bearta faireacháin breise i bhfeidhm chun a áirithiú go n-úsáidfear na cistí athghníomhachtaithe ar dtús; á iarraidh ar an gComhghnóthas aon fhorbairt i dtaca leis sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

6. ag tabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt, go ndearna an Comhghnóthas an buiséad íocaíochta dá chaiteachas bonneagair agus cumarsáide a mhéadú níos mó ná dhá oiread (arbh ionann é agus thart ar 1,5 % den bhuiséad íocaíochta iomlán a bhí ar fáil ag an gComhghnóthas) don bhliain airgeadais 2020 agus gurb é an toradh a bhí ar an méadú sin ar an mbuiséad íocaíochta, in éineacht le tionchar phaindéim COVID-19 ar na costais a bhí beartaithe do TF, cumarsáid, imeachtaí agus seirbhísí seachtracha eile, ráta íseal cur chun feidhme de 42,7 % ag deireadh 2020 (i gcomparáid le 2019: 98,7 %);

7. ag tabhairt dá haire nach raibh na sonraí ar fad maidir leis na ranníocaíochtaí comhchineáil bailíochtaithe sa tuarascáil bhliantúil ó CIE le Comhghnóthais AE do 2020; á iarraidh sí ar an gComhghnóthas moilleanna ar thuairisciú ranníocaíochtaí comhchineáil a laghdú;

8. ag tabhairt dá haire go bhfuil nósanna imeachta éagsúla ann ó Chomhghnóthas go chéile maidir le ríomh na ranníocaíochtaí comhchineáil agus á iarraidh go ndéanfaí iad a chomhchuibhiú;

Feidhmíocht:

9. ag tabhairt dá haire gur seoladh an t-aonú glao déag ar thograí (CfP11) i mí Eanáir 2020 ina raibh 35 thopaic, arbh ábhair théamacha ceithre cinn díobh, agus go raibh 128 rannpháirtíocht ó 17 dtír éagsúla páirteach iontu; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur tíolacadh 188 dtogra incháilithe agus gur coimeádadh 36 cinn de na tograí sin le haghaidh topaicí téamacha; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearnadh an glao ar thograí a phróiseáil go hiomlán go cianda; ag tabhairt dá haire go n-áirítear i bpunann dhomhanda an Chomhghnóthais le linn a shaolré aon ghlao déag ar thograí, ina bhfuil níos mó ná 726 chomhpháirtí ó 28 dtír éagsúla rannpháirteach, ina bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide bainteach go láidir maidir le rannpháirtíocht agus deontais arna ndámhachtain, agus 610 tionscadal san iomlán; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur chríochnaigh an Comhghnóthas cur chun feidhme an deichiú glao ar thograí (CfP10) i mí Aibreáin 2020; ag tabhairt dá haire gur tugadh an mheastóireacht ar an nglao deireanach ar an gClár chun críche in 2020, eadhon CfP11, agus gur thuairiscigh an Comhghnóthas go raibh sé ag leanúint dá iarrachtaí chun cothromaíocht inscne an ghrúpa saineolaithe a fheabhsú; á chur in iúl gur oth léi, in ainneoin na n-iarrachtaí sin, nach raibh ach 20 % de na mná i gcéatadán na saineolaithe;

10. ag tabhairt dá haire gurb ionann glanlíon na gComhpháirtithe Lárnacha, lena n-áirítear a gcleamhnaithe agus na tríú páirtithe atá nasctha leo, a aontaíonn don chlár ar bhonn Glaonna do Chomhpháirtithe Lárnacha agus os cionn 190, le tuairim is 50 fiontar beag agus meánmhéide rannpháirteach ann, agus gur as 22 thír éagsúla dóibh (18 mBallstát agus ceithre thír atá comhlachaithe leis an gclár Fís 2020);

11. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chlároifig measúnú ar thionchar phaindéim COVID-19 ar a cuid gníomhaíochtaí d'fhonn réimsí a shainaithint sa phleanáil straitéiseach inar gá athbhreithniú a dhéanamh nó bearta maolaithe a chur chun feidhme agus, ar an mbonn sin, nach bhfuil aon athrú ar raon na hoibre d'fhormhór na léiritheoirí atá le baint amach, agus, áfach, go bhfuil roinnt moilleanna (4-6 mhí ar an meán) sainaitheanta do thart ar aon trian de na léiritheoirí ar chur chun feidhme an Chláir, le staid neamhionann tugtha faoi deara ar fud na réimsí éagsúla gníomhaíochta; ag tabhairt dá haire go bhfuair léiritheoirí, i gcás inarbh fhéidir, tacaíocht chistiúcháin bunaithe ar an infhaighteacht cistiúcháin a bhí ann cheana, d'fhonn an baol a laghdú go mbeadh moilleanna agus/nó go mbeadh easnaimh chistiúcháin ann i réimsí den chlár lena mbaineann; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nach ndéantar difear don ranníocaíocht le Cuspóirí Ardleibhéil an Chomhghnóthais toisc go gcaomhnaítear ábhar foriomlán an chláir, ach go bhféadfadh moilleanna (ar iarmhairt dhíreacha iad ar an bpaindéim ach, freisin, ar dheacrachtaí teicniúla atá nasctha le leibhéal áirithe éiginnteachta a bhaineann go dlúth le gníomhaíochtaí T&I) tionchar a imirt ar shaothrú tráthúil na dtorthaí; ag tabhairt dá haire go measann an Comhghnóthas go ndéanfaidh níos mó ná 80 % dá phríomh-léiritheoirí a gcuid cuspóirí a bhaint amach faoi dheireadh an chláir mar atá beartaithe; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i ndáil leis sin;

12. á chur in iúl gur geal leis go bhfuil an Gnóthas, in ainneoin ghéarchéim COVID-19 in 2020, ag leanúint de chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta maidir le sineirgí leis na Ballstáit agus leis na réigiúin ar spéis leo Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE), nó cistí réigiúnacha a infheistiú i réimse na haerloingseoireachta agus i dteicneolaíochtaí gaolmhara eile;

13. ag tabhairt dá haire go bhfuil uirlisí curtha chun feidhme ag an gComhghnóthas chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chlár an Chomhghnóthais, eadhon tuarascálacha ráithiúla de Léiritheoirí Teicneolaíochta Comhtháití/ Ardáin Léiritheoirí Aerárthaí Nuálacha (ITD/IADPanna), coistí stiúrtha ar leibhéal ITD/IADP, athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmíocht ITD/IADPanna, agus go dtuairiscítear iad go rialta don Bhord Rialaithe;

14. ag tabhairt dá haire go n-úsáideann an Comhghnóthas príomhtháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar shaincheisteanna feidhmíochta agus leathana faoin gclár Fís 2020, agus eochairtháscairí feidhmíochta sonracha maidir leis an gComhghnóthas amhail ráta ratha ábhar glao, cur i bhfeidhm an phlean oibre agus cumhdach iniúchta *ex post*;

15. ag tabhairt dá haire gur baineadh amach garspriocanna ollmhóra in 2020 maidir le gníomhaíochtaí a rinneadh faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Deontais do Chomhaltaí, amhail dul chun cinn maith IADP Aerárthaí Móra Paisinéirí, an dul chun cinn an-tábhachtach maidir le céim an deartha mhionsonraithe a cuireadh i gcrích do na léiritheoirí lánscála go léir in IADP Aerárthaí Réigiúnacha, na hathbhreithnithe ar dhearadh criticiúil ar fhochórais agus ar aerárthaí a rinneadh faoi chuimsiú léiritheoir teicneolaíochta NGCTR agus an dul chun cinn i gcomhléiritheoir RACER, chomh maith leis an dul chun cinn agus an méid a baineadh amach in ITD Aerfhráma, in ITD Innill, in ITD Córas, sa ghníomhaíocht thrasnach éicidhearthóireachta, sa Trasnáil Aeriompair Bhig, agus sa Mheastóir Teicneolaíochta;

16. ag tabhairt dá haire, mar gheall ar chúiseanna oibríochtúla, gur aistríodh trí ghlao oibríochtúla ar thairiscintí a bhí beartaithe ar dtús ó 2020 go 2021, rud a rinneadh a raonta feidhme a mhodhnú beagán agus dhá cheann acu a chumasc in aon staidéar amháin;

17. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach atá ag an nGnóthas maidir le glanghéaruithe a áirithiú i dteicneolaíochtaí glasa a bhfuil sé mar aidhm leo astaíochtaí gáis CO_2 agus leibhéil torainn ó aerárthaí a laghdú, agus, ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar an tionchar a bhíonn ag teicneolaíochtaí aerloingseoireachta ar an gcomhshaol agus tionscal aerloingseoireachta agus slabhra soláthair atá láidir agus iomaíoch ar fud an domhain a fhorbairt san Eoraip; á chreidiúint, maidir leis an gComhghnóthas um Eitlíocht Ghlan, a thiocfaidh i gcomharbacht ar an nGnóthas, go mbeidh ról tábhachtach aige maidir le rannpháirtíocht na hearnála eitlíochta sa Chomhaontú Glas don Eoraip a áirithiú;

Foireann agus soláthar

18. ag tabhairt dá haire, faoin 31 Nollaig 2020, gur líonadh 36 phost gníomhaire sealadaigh agus 6 phost gníomhaire ar conradh de réir an phlean bunaíochta, agus, sa bhreis air sin, aon saineolaí náisiúnta ar iasacht amháin as an mbeirt faoin bplean bunaíochta;

19. ag tabhairt dá haire gur sheol an Comhghnóthas in 2020 próiseas earcaíochta do 3 phost; ag tabhairt dá haire, sa bhreis ar na poist reachtúla, go mbraitheann an Comhghnóthas ar sholáthraithe seirbhíse seachtraigh, amhail an stiúrthóir gréasáin, an gnólacht seirbhísí TF atá comhroinnte leis na Comhghnóthais eile, naonúr oibrithe eatramhacha agus aon sainchomhairleoir amháin maidir le cumarsáid; ag tabhairt dá haire freisin gur chuir an Comhghnóthas úsáid Sysper2 chun feidhme tuilleadh;

20. ag tabhairt dá haire agus é ina ábhar imní di, de réir na tuarascála ón gCúirt, cé go raibh foireann reachtúil an Chomhghnóthais statach ó 2017 go 2020 le 42 oibrí, le linn na tréimhse céanna, gur mhéadaigh an Comhghnóthas go suntasach an úsáid a bhain sé as foireann eatramhach, ó thriúr go deichniúr coibhéisí lánaimseartha, is é sin le rá, ó 8 % go 24 % d'fhoireann reachtúil an Chomhghnóthais, nach bhfuil na cúraimí a dhéanann an fhoireann eatramhach, áfach, de chineál aonuaire nó sealadach, mar thoradh ar mhéadú eisceachtúil ar ualach oibre nó ar fheidhmiú gníomhaíochta aonuaire, ach gur poist bhuana iad ó thaobh cineáil de (e.g. cuntóir na seirbhíse dlí, tacaíocht rúnaíochta, cúntóir cumarsáide, agus cúntóir oifigigh tionscadail) agus go gcruthaíonn cleachtas an Chomhghnóthais poist bhuana de facto, sa bhreis orthu sin; ag tabhairt dá haire go gcruthaíonn cleachtas an Chomhghnóthais poist *de facto*, de bhreis orthu siúd dá bhforáiltear sa phlean bunaíochta, a bhféadfadh láimhdeachas foirne ard agus neamhchinnteacht foirne a bheith mar thoradh orthu agus ar féidir leo, ar deireadh, tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht fhoriomlán an Chomhghnóthais;

21. ag tabhairt dá haire gur fhreagair an Comhghnóthas go raibh sé d'oibleagáid air cur go leanúnach leis an úsáid a bhaintear as foireann eatramhach le blianta beaga anuas mar gheall ar na srianta a bhí ar phlean daingean bunaíochta na foirne i ngeall ar na cúraimí agus an t-ualach oibre atá ag dul i méid, agus gur oth léi go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh leis an dá chlár – Spéir Ghlan 2 agus an clár nua um Eitlíocht Ghlan a bheidh ar siúl go comhthreomhar; á chur in iúl gur díol sásaimh di, ina theannta sin, go bhfuil bearta maolaithe curtha i bhfeidhm ag an gComhghnóthas (amhail sásraí iomchuí maoirseachta, lena dteorannaítear cúraimí i ndáil le hidirthréimhsí go cúraimí neamh-lárnacha agus lena n-áirithítear oiliúint agus tacaíocht mheantóireachta iomchuí); ag tabhairt dá haire, áfach, nach é an staid is fearr is féidir ó thaobh an mheántéarma agus an fhadtéarma de agus go measann an Comhghnóthas gurbh é an réiteach a bheadh ann níos mó solúbthachta a sholáthar maidir le líon na bpost do ghníomhairí ar conradh sa phlean bunaíochta foirne; ag áitiú ar an gComhghnóthas príomhréimsí oibríochtaí a shainaithint inar cheart na hacmhainní daonna a dhíriú chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an méid a chuireann siad leis an sreabhadh oibre agus á iarraidh ar an gComhghnóthas tuilleadh foirne a ghlacadh;

22. ag tabhairt dá haire, tar éis do phaindéim COVID-19 a bheith fógartha, go ndearnadh gníomhaíocht ghasta chun a áirithiú go raibh na hábhair TFC a bhí ag teastáil le haghaidh teilea-obair bhreisithe ag gach ball foirne;

23. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis bhuartha di, go mbaineann dúshláin d'fhostaithe le paindéim COVID-19, go háirithe agus dálaí maireachtála éagsúla á gcur san áireamh, an easpa rochtana ar spás oifige agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an leithlisiú; á iarraidh ar an gComhghnóthas díriú ar dhea-bhail na bhfostaithe, ar bhainistiú struis agus ar chothromaíocht oibre agus saoil; á iarraidh ar an mbainistíocht a áirithiú go bhfuil struchtúir tacaíochta iomchuí i bhfeidhm chun dea-bhail shíceolaíoch na foirne a áirithiú;

24. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur bhain an Comhghnóthas úsáid as an réiteach ríomhsholáthair le haghaidh a nósanna imeachta soláthair oscailte in 2020;

Rialú Inmheánach

25. ag tabhairt dá haire gur glacadh na Rialacha Airgeadais athbhreithnithe i mí Eanáir 2020, tar éis ghlacadh Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaiming na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus an eiseamláir de Rialachán Airgeadais do chomhlachtaí comhpháirtíochta príobháidí poiblí (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/887 ón gCoimisiún ([4]);

([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

([4]) (IO L 142, 29.5.2019, lch. 16).

26. ag tabhairt dá haire, de réir na tuarascála ón gCúirt, go bhfuil nósanna imeachta rialaithe *ex ante* iontaofa curtha ar bun ag an gComhghnóthas bunaithe ar athbhreithnithe doiciméad airgeadais agus oibríochtúil, gur chuir sé creat rialaithe inmheánaigh an Choimisiúin chun feidhme, rud atá bunaithe ar 17 bprionsabal rialaithe inmheánaigh, in 2020 agus, maidir leis an bhféinmheasúnú bliantúil agus faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí rialaithe a cheanglaítear le creat rialaithe inmheánaigh, gur fhorbair sé táscairí ábhartha do na prionsabail rialaithe inmheánaigh agus saintréithe gaolmhara uile; ag tabhairt dá haire go ndearnadh próiseas bainistithe riosca an Chomhghnóthais a chuíchóiriú mar cheann de phríomhcholúin an chórais rialaithe inmheánaigh;

27. ag tabhairt dá haire ón tuarascáil ón gCúirt maidir le híocaíochtaí an chláir Fís 2020 go bhfuil Comhsheirbhís Iniúchóireachta (CAS) an Choimisiúin freagrach as iniúchtaí *ex post* a dhéanamh agus, bunaithe ar na torthaí iniúchta *ex post* a bhí ar fáil ag deireadh 2020, gur thuairiscigh an Comhghnóthas ráta earráide ionadaíoch 1,60 % agus ráta earráidí iarmharacha 0,91 % do thionscadail Fís 2020; ag tabhairt dá haire ón togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán maidir le Fís 2020 gurb é aidhm dheiridh an leibhéal iarmharach earráide tráth a ndúnfar na cláir tar éis thionchar airgeadais na n-iniúchtaí, na mbeart ceartúcháin agus aisghabhála uile a bheith curtha san áireamh, go mbainfear amach an leibhéal atá chomh gar agus is féidir do 2 %;

28. ag tabhairt dá haire gur rinne an Chúirt iniúchadh ar shamplaí randamacha d'íocaíochtaí an chláir Fís 2020 a rinneadh in 2020 ar leibhéal na dtairbhithe deiridh chun comhthacú leis na rátaí earráide iniúchóireachta ex-post mar chuid de na rialuithe ar íocaíochtaí oibríochtúla agus gur léirigh na hiniúchtaí mionsonraithe sin in aon chás amháin, earráid os cionn 1 % de na costais iniúchta, a bhain le costais phearsanra dhearbhaithe, mar nár chloígh an tairbhí go hiomlán leis an uasteorainn d'uaireanta a oibríodh ar an tionscadal, i ndáil leis an bhfoireann a bhí ag obair go heisiach ar an tionscadal gan am a thaifeadadh;

29. ag cur béim ar an bhfíoras, i dtuarascáil bhliantúil na Cúirte Iniúchóirí ar Chomhghnóthais an Aontais don bhliain airgeadais 2020, go bhfuair an Chúirt earráidí córasacha leanúnacha sna costais phearsanra a bhí dearbhaithe ag tairbhithe, go háirithe i gcás FBManna agus tairbhithe nua; ag tabhairt dá haire go ndearnadh na hearráidí sin a thuairisciú go rialta freisin sna hiniúchtaí *ex post* ar CAS agus ar a iniúchóirí ar conradh; ag tabhairt chun suntais, ar leathanach 39 den tuarascáil sin, gur réamhchoinníoll é cuíchóiriú rialacha Fhís 2020 maidir le costais phearsanra a dhearbhú agus úsáid níos leithne a bhaint as roghanna costais simplithe le haghaidh clár réime taighde a bheidh ann amach anseo, ar mhaithe le rátaí earráide a chobhsú go leibhéal níos ísle ná an leibhéal ábharthachta; á mholadh don Chomhghnóthas neartú a dhéanamh ar a chórais rialaithe inmheánaigh i bhfianaise gur gnách le FBManna agus tairbhithe nua níos mó earráidí a dhéanamh;

30. á chur in iúl gur geal leis an ghníomhaíocht cheartaitheach a rinne an Gnóthas chun aghaidh a thabhairt ar na hearráidí sistéamacha a bhain le costais dhearbhaithe phearsanra a chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i bhfios an bhliain roimhe sin;

31. ag tabhairt dá haire go gcumhdaítear clár an Chomhghnóthais faoin gComhstraitéis Frithchalaoise do réimse na taighde (CAFS); ag tabhairt dá haire gur bhunaigh an Comhghnóthas a Straitéis shonrach Frithchalaoise maidir le Spéir Ghlan 2 in 2020, agus gur forbraíodh plean gníomhaíochta chun na rialuithe chun calaois a chosc agus a bhrath a neartú tuilleadh; ag tabhairt dá haire gur reáchtáladh seisiún oiliúna feasachta d'fhoireann an Chomhghnóthais i mí na Samhna 2020; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndearna an Comhghnóthas obair leantach in 2020 ar dhá chás calaoise líomhnaithe, ar cuireadh fógra ina leith do OLAF in 2018, agus ar oscail OLAF imscrúduithe ina leith; ag tabhairt dá haire, ón tuarascáil leantach maidir le hurscaoileadh 2019, go bhfuair an Comhghnóthas tuarascálacha deiridh OLAF i mí Mheán Fómhair 2021 maidir le dhá imscrúdú ar thionscadal Spéire Glaine agus tionscadal "Spéir Ghlan 2" agus gur dheimhnigh OLAF, sa dá chás, na hamhrais faoi chalaois agus gur eisigh sé moltaí chun an cistiú a fuarthas go neamhrialta ó na heintitis chalaoiseacha a aisghabháil agus chun na heintitis agus na daoine lena mbaineann a chlárú i gCóras Luathbhraite agus Eisiaimh an Choimisiúin; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i dtaca leis sin;

Iniúchóireacht Inmheánach

32. ag tabhairt dá haire gur thug an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) chun críche in 2020 iniúchadh, arna bheartú sa Phlean um Iniúchóireacht Straitéiseach 2019-2021, maidir le céim chur chun feidhme na ndeontas faoin gclár Fís 2020 agus gur eisíodh moltaí maidir le measúnú riosca calaoise an Chomhghnóthais agus na rialuithe frithchalaoise, cur chuige rioscabhunaithe maidir le meastóireacht *ex ante* ar íocaíochtaí deontas agus ar thuarascálacha, agus faireachán ar scaipeadh, saothrú agus cumarsáid tionscadal; ag tabhairt dá haire go ndearna IAS iniúchadh leantach i mí an Mheithimh 2021 agus gur mheas sé na trí mholadh a bheith dúnta;

33. ag tabhairt dá haire gur i mí Feabhra 2021 a fuair an Comhghnóthas tuarascáil bhliantúil IAS do 2020, inar leagadh béim ar mhoill shuntasach a bheith ar dhá mholadh a d'eascair as iniúchadh a rinneadh roimhe sin ar bhainistiú feidhmíochta agus moladh amháin maidir le bainistiú deontas an Chomhghnóthais; á iarraidh ar an gComhghnóthas tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh i dtaca leis sin.

34. ag tabhairt dá aire gur dheimhnigh an tOifigeach Iniúchta Inmheánaigh (IAO) a neamhspleáchas eagraíochtúil don Bhord Rialaithe, mar a shainítear i gcaighdeáin IIA, cé gur thug sé chun suntais go bhféadfadh easpa oibiachtúlachta a bheith ann maidir le roinnt gníomhaíochtaí agus próisis shonracha dá ndéanann an Ghnóthais, ar ghlac IAO freagracht oibríochtúil dhíreach air féin ina leith; ag tabhairt dá aire, áfach, gur chumhdaigh iniúchóirí eile na próisis sin de chuid an Ghnóthais go hiomlán trí iniúchtaí dearbhaithe nó trí mheasúnú riosca ([5]);

([5]) Spéir Ghlan 2 — Tuarascáil Bhliantúil Chomhdhlúite ar Ghníomhaíochtaí 2020, lch. 104-105.